AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 19.6.2024
COM(2024) 612 final

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hIodáile

{SWD(2024) 600 final} - {SWD(2024) 612 final}

Moladh le haghaidh

MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir le beartais eacnamaíocha, shóisialta, fostaíochta, struchtúracha agus bhuiséadacha na hIodáile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 121(2) agus 148(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 maidir le beartais eacnamaíocha a chomhordú go héifeachtach agus maidir le faireachas buiséadach iltaobhach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Samhain 2011 maidir le míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chosc agus a cheartú[2], agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

Ag féachaint don mholadh ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint do na rúin ó Pharlaimint na hEorpa,

Ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Fostaíochta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Chosaint Shóisialta,

Ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Beartas Eacnamaíoch,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3], lenar bunaíodh an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, tháinig sé i bhfeidhm an 19 Feabhra 2021. Is rud í an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta a sholáthraíonn tacaíocht airgeadais do na Ballstáit chun athchóirithe agus infheistíocht a chur chun feidhme, ionas gurb é atá i gceist léi spreagadh airgeadais atá maoinithe ag an Aontas. I gcomhréir le tosaíochtaí an tSeimeastair Eorpaigh, cuidíonn sí ó thaobh an téarnamh eacnamaíoch agus sóisialta a bhaint amach, agus ó thaobh athchóirithe agus infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun feidhme, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chur chun cinn agus chun cur le hathléimneacht gheilleagair na mBallstát. Cuidíonn sí freisin ó thaobh an t-airgeadas poiblí a neartú agus borradh a chur faoin bhfás agus faoin gcruthú post sa mheántéarma agus san

[1] IO L 2024/1263, 30.4.2024. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj

[2] IO L 306, 23.11.2011, lch. 25. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/1176/oj

[3] Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj

fhadtéarma, ó thaobh an comhtháthú críochach a fheabhsú laistigh den Aontas agus ó thaobh tacú le cur chun feidhme leanúnach Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta.

(2) Is é is aidhm do Rialachán REPowerEU[4], arna ghlacadh an 27 Feabhra 2023, deireadh a chur de réir a chéile le spleáchas an Aontais ar allmhairí breosla iontaise ón Rúis. Ba chuidiú é sin ó thaobh an tslándáil fuinnimh a bhaint amach agus soláthar fuinnimh an Aontais a éagsúlú, agus san am céanna, thiocfadh méadú dá bharr ar acmhainneachtaí stórála, ar ghlacadh foinsí in-athnuaite fuinnimh agus ar an éifeachtúlacht fuinnimh. Chuir an Iodáil caibidil nua REPowerEU lena plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta chun go maoineofar athchóirithe agus infheistíochtaí ríthábhachtacha a chuideoidh le cuspóirí REPowerEU a bhaint amach.

(3) An 16 Márta 2023 d'eisigh an Coimisiún Teachtaireacht maidir le 'Iomaíochas fadtéarmach an Aontais: níos faide ar aghaidh ná 2030'[5], ar mhaithe le bonn eolais a chur faoi chinntí beartais agus leis na creatdálaí a chruthú chun an fás a mhéadú. Déanann an Teachtaireacht an iomaíochas a bhunú ar naoi spreagadh a threisíonn a chéile. I measc na spreagthaí sin, is iad rochtain ar chaipiteal príobháideach, taighde agus nuálaíocht, oideachas agus scileanna, agus an margadh aonair na príomhthosaíochtaí beartais maidir le hathchóirithe agus infheistíocht chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin táirgiúlachta atá ann faoi láthair agus chun iomaíochas fadtéarmach an Aontais agus a Bhallstát a fhorbairt. An 14 Feabhra 2024, lean an Coimisiún an Teachtaireacht seo leis an Tuarascáil Bhliantúil maidir leis an Margadh Aonair agus an Iomaíochas [6]. Déantar cur síos sa tuarascáil ar láidreachtaí agus dúshláin iomaíocha Mhargadh Aonair na hEorpa, agus rianú á dhéanamh ar fhorbairtí bliantúla de réir na naoi spreagthach maidir le hiomaíochas a sainaithníodh.

(4) An 21 Samhain 2023 ghlac an Coimisiún Suirbhé Bliantúil 2024 don Fhás Inbhuanaithe[7], rud a chuir tús le timthriall 2024 an tSeimeastair Eorpaigh um chomhordú an bheartais eacnamaíoch. An 22 Márta 2024 d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach tosaíochtaí an tsuirbhé, tosaíochtaí atá dírithe ar na ceithre ghné den inbhuanaitheacht iomaíoch. An 21 Samhain 2023, ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011, ghlac an Coimisiún freisin Tuarascáil 2024 maidir leis an Sásra Foláirimh, tuarascáil ar shainaithin sé inti go bhfuil an Iodáil ar cheann de na Ballstáit a bhféadfadh míchothromaíochtaí a bheith ag baint di, nó a d'fhéadfadh a bheith i mbaol míchothromaíochtaí, agus a mbeadh grinn-athbhreithniú ag teastáil ina leith. An dáta céanna, ghlac an Coimisiún tuairim freisin maidir le dréachtphlean buiséadach na hIodáile 2024. Ghlac an Coimisiún moladh freisin le haghaidh moladh ón gComhairle maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro, moladh a ghlac an Chomhairle an 12 Aibreán 2024, chomh maith leis an togra le haghaidh Thuarascáil Chomhpháirteach 2024 ar Fhostaíocht ina ndéantar anailís ar chur chun feidhme na dTreoirlínte Fostaíochta agus phrionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, togra a ghlac an Chomhairle an 11 Márta 2024.

---

4 Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755 agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1). ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj

5 COM(2023) 168 final.

6 COM(2024) 77 final.

7 COM(2023) 901 final.

(5) An 30 Aibreán 2024, tháinig creat rialachais eacnamaíoch nua an Aontais i bhfeidhm. Cuimsítear sa chreat Rialachán nua (AE) 2024/1263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le beartais eacnamaíocha agus faireachas buiséadach iltaobhach a chomhordú go héifeachtach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle. Cuimsítear ann freisin Rialachán leasaithe (CE) Uimh. 1467/97 maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach a chur chun feidhme agus Treoir leasaithe 2011/85/AE maidir le creataí buiséadacha na mBallstát[8]. Is iad cuspóirí an chreata nua inbhuanaitheacht an fhiachais phoiblí agus fás inbhuanaithe cuimsitheach trí chomhdhlúthú fioscach céimnitheach mar aon le hathchóirithe agus infheistíochtaí. Cuireann sé úinéireacht náisiúnta chun cinn agus díríonn sé níos mó ar an meántéarma, agus ina theannta sin, tá forfheidhmiú níos éifeachtaí agus níos comhleanúnaí i gceist leis. Ba cheart do gach Ballstát plean fioscach-struchtúrach meántéarmach náisiúnta a chur faoi bhráid na Comhairle agus an Choimisiúin. Sa phlean struchtúrach fioscach meántéarmach náisiúnta atá ag Ballstát, tá a ghealltanais fhioscacha, athchóiriúcháin agus infheistíochta, lena gcumhdaítear tréimhse pleanála 4 nó 5 bliana, de réir fhad rialta an reachtais náisiúnta. Ba cheart an chonair ghlanchaiteachais[9] sna pleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha náisiúnta ceanglais Rialachán (AE) 2024/1263 a chomhlíonadh, lena n-áirítear na ceanglais maidir le fiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair anuas inchreidte, nó é a choinneáil ar an gconair sin, faoi dheireadh na tréimhse coigeartaithe ar a dhéanaí, nó é a choinneáil ar leibhéil stuama faoi bhun 60 % de OTI, agus an t-easnamh rialtais a thabhairt faoi bhun an luacha tagartha 3 % de OTI sa mheántéarma, nó é a choinneáil faoi bhun an luacha sin. I gcás ina ngeallann Ballstát sraith ábhartha athchóirithe agus infheistíochtaí a dhéanamh i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach i Rialachán (AE) 2024/1263, féadfar síneadh 3 bliana ar a mhéad a chur leis an tréimhse choigeartaithe. Chun tacú le hullmhú na bpleananna sin, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, an [21 Meitheamh] 2024, treoir a thabhairt do na Ballstáit maidir le hábhar na bpleananna agus na dtuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a eiseofar ina dhiaidh sin a bheidh orthu a chur isteach agus, i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) 2024/1263, tarchuirfidh sé chucu treoir theicniúil maidir leis na coigeartuithe fioscacha (conairí tagartha agus faisnéis theicniúil i gcás inarb infheidhme). Ba cheart do na Ballstáit a bpleananna struchtúracha fioscacha meántéarmacha a chur isteach faoin 20 Meán Fómhair 2024, mura gcomhaontaíonn an Ballstát agus an Coimisiún síneadh ama réasúnta a chur leis an sprioc-am. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh a bparlaimintí náisiúnta rannpháirteach, agus go rachfar i gcomhairle le hinstitiúidí fioscacha neamhspleácha, le comhpháirtithe sóisialta agus le páirtithe leasmhara náisiúnta eile, de réir mar is iomchuí.

---

8 Rialachán (AE) 2024/1264 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 maidir le dlús a chur le cur chun feidhme an nós imeachta um easnamh iomarcach agus soiléiriú a dhéanamh air (IO L 2024/1264, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1264/oj) agus Treoir (AE) 2024/1265 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 lena leasaítear Treoir 2011/85/AE maidir le ceanglais le haghaidh chreataí buiséadacha na mBallstát (IO L, 2024/1265, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1265/oj).

9 Glanchaiteachas mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/1263 ón gComhairle an 29 Aibreán 2024 (IO L 2024/1263, 30.4.2024. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1263/oj). Ciallaíonn ‘glanchaiteachas’ caiteachas rialtais atá glan (i) ar chaiteachas úis, (ii) ar bhearta lánroghnacha ioncaim, (iii) ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, (iv) ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár a chistíonn an Aontas, (v) ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus (vi) ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

(6) In 2024 tá an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch fós ag forbairt i gcomhréir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá cur chun feidhme iomlán na bpleananna téarnaimh agus athléimneachta fós riachtanach chun go mbainfear amach na tosaíochtaí beartais atá ann faoin Seimeastar Eorpach, ós rud é go gcuidíonn na pleananna ó thaobh aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na ndúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha a eisíodh le blianta beaga anuas, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Tá moltaí tírshonracha 2019, 2020, 2022 agus 2023 fós chomh hábhartha céanna maidir le pleananna téarnaimh agus athléimneachta arna n-athbhreithniú, arna dtabhairt cothrom le dáta nó arna leasú i gcomhréir le hAirteagail 14, 18 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/241.

(7) An 30 Aibreán 2021, chuir an Iodáil a plean náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta faoi bhráid an Choimisiúin, i gcomhréir le hAirteagal 18(1) de Rialachán (AE) 2021/241. De bhun Airteagal 19 de Rialachán (AE) 2021/241, rinne an Coimisiún measúnú ar ábharthacht, éifeachtacht, éifeachtúlacht agus comhleanúnachas an phlean téarnaimh agus athléimneachta, i gcomhréir leis na treoirlínte measúnaithe in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán sin. An 13 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle a Cinneadh maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile[10], a leasaíodh an 8 Nollaig 2023 de réir Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/241 chun na ranníocaíochta uasta airgeadais le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha a nuashonrú, agus chun an chaibidil REPowerEU a chur san áireamh[11]. Scaoilfear na tráthchodanna ar choinníoll cinneadh a bheith déanta ag an gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 24(5) de Rialachán (AE) 2021/241, go bhfuil na garspriocanna agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle gnóthaithe go sásúil ag an Iodáil. Ní féidir gnóthú sásúil a bheith i gceist ach sa chás nach ndeachthas siar ar ghnóthú na ngarspriocanna agus na spriocanna a gnóthaíodh roimhe sin.

(8) An 30 Aibreán 2024, thíolaic an Iodáil a Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 agus a Clár Cobhsaíochta 2024, i gcomhréir le hAirteagal 4(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97. I gcomhréir le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) 2021/241, is léiriú é an Clár Náisiúnta um Athchóiriú 2024 ar thuairisciú leathbhliantúil na hIodáile maidir leis an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach.

(9) D'fhoilsigh an Coimisiún tuarascáil tíre 2024 maidir leis an Iodáil[12] an 19 Meitheamh 2024. Rinneadh measúnú sa tuarascáil sin ar dhul chun cinn na hIodáile ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha ábhartha a ghlac an Chomhairle idir 2019 agus 2023 agus measadh cur chun feidhme phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile. Ar bhonn na hanailíse sin, sainaithníodh sa tuarascáil tíre bearnaí atá ann i ndáil leis na dúshláin nár tugadh aghaidh orthu sa phlean téarnaimh agus athléimneachta, sin nó nár tugadh aghaidh orthu ach go páirteach, mar aon le dúshláin nua agus dúshláin atá ag teacht chun cinn. Rinneadh measúnú inti freisin ar dhul chun

---

10 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile a fhormheas (ST 10160/21 INIT; ST 10160/21 ADD 1; ST 10160/21 ADD 1 REV 1; ST 10160/21 ADD 1 REV 2; ST 10160/21 ADD 1 REV 2 COR 1).

11 Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 8 Nollaig 2023 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 13 Iúil 2021 maidir leis an measúnú ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile a fhormheas (ST 16051/2023 INIT).

12 SWD(2024) 612 final.

cinn na hIodáile ó thaobh Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme agus ó thaobh príomhspriocanna an Aontais maidir le fostaíocht, scileanna agus laghdú na bochtaineachta a bhaint amach, sin agus ar an dul chun cinn i dtreo Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach.

(10) Rinne an Coimisiún grinn-athbhreithniú maidir leis an Iodáil faoi Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011. Príomhthorthaí an mheasúnaithe a rinne foireann an Choimisiúin chun críoch an Rialacháin sin, ar measúnú é ar leochaileachtaí maicreacnamaíocha atá ann i gcás na hIodáile, foilsíodh iad i mí Aibreáin 2024[13]. An 19 Meitheamh 2024, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go bhfuil míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha san Iodáil tar éis míchothromaíochtaí iomarcacha a bheith sainaitheanta maidir léi in 2023. Go háirithe, tá leochaileachtaí fós ann a bhaineann le fiachas ard rialtais agus méadú lag táirgiúlachta, i gcomhthéacs leochaileachtaí i margadh an tsaothair agus roinnt laigí i margaí airgeadais, a bhfuil ábharthacht trasteorann ag baint leo. Tháinig laghdú suntasach ar an gcóimheas fiachais phoiblí le OTI san hIodáil ó bhuaicphointe an chóimheasa sin le linn ghéarchéim phaindéim COVID-19, go príomha mar gheall ar fhás láidir OTI ainmniúil. Mar sin féin, tá an cóimheas fiachais phoiblí fós ard, agus é os cionn 137 % de OTI in 2023, agus meastar go n-aisiompóidh an treocht anuas i mbliana agus an bhliain seo chugainn. Cuirtear an t-aisiompú sin i leith coigeartú mór sreabhaidh i leith stoic lena méadaítear fiachas, atá fós suntasach, cé go bhfuil sé ag laghdú, easnaimh rialtais, chomh maith le fás OTI ainmniúil níos ísle. Bhí an méadú táirgiúlachta dearfach ach teoranta ar an iomlán agus ar an meán, rud a dhearbhaíonn an gá atá le hathchóirithe agus le hinfheistíocht chun easnaimh struchtúracha a shárú agus chun dálaí fabhracha a chothú d'fhás táirgiúlachta. Tá feabhas tagtha ar dhálaí mhargadh an tsaothair le blianta beaga anuas agus níor eascair brúnna pá astu. Tá rátaí rannpháirtíochta saothair ardaithe go dtí na leibhéil is airde riamh cé go bhfuil na rátaí sin fós réasúnta íseal. Tá an earnáil airgeadais neartaithe a thuilleadh le feabhsuithe ar cháilíocht agus ar bhrabúsacht sócmhainní bainc, agus tá bainc na hIodáile fós neamhchosanta go mór ar an stát ceannasach agus ar iasachtaí Stát-urraithe ina gcláir chomhardaithe. Bhí gníomhaíocht bheartais fabhrach maidir le dul i ngleic leis na leochaileachtaí, lena n-áirítear trí chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta, lena ndéantar, *inter alia*, táirgiúlacht agus fás ionchasach OTI a chur chun cinn chun cuidiú leis an gcóimheas fiachais phoiblí a laghdú san fhadtéarma. Tá sé ríthábhachtach i gcónaí luas chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta a choinneáil ar bun agus bheadh iarrachtaí breise beartais tairbheach. Is léir go bhfuil gá le tuilleadh gníomhaíochta chun an cóimheas ard fiachais phoiblí a laghdú. Leis an gComhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, lena n-áirítear an Nós Imeachta um Easnamh Iomarcach a chur i bhfeidhm, cuirtear sásra faireachais oiriúnach láidir ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí maidir le hinbhuanaitheacht fhioscach, agus chun faireachas faoin nós imeachta um míchothromaíochtaí maicreacnamaíocha a chomhlánú.

(11) Ar bhonn sonraí arna mbailíochtú ag Eurostat[14], tháinig laghdú ar easnamh rialtais ghinearálta na hIodáile ó 8,6 % de OTI in 2022 go 7,4 % in 2023, agus thit an fiachas rialtais ghinearálta ó 140,5 % de OTI ag deireadh 2022 go 137,3 % ag deireadh 2023. Mar a fógraíodh sa treoraíocht maidir leis an mbeartas fioscach le haghaidh 2024[15], tá

[13] SWD(2024) 104 final.
[14] Táscairí Eurostat-Euro, 22.4.2024.
[15] COM(2023) 141 final.

an chéad chéim á glacadh ag an gCoimisiún maidir leis na nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh a oscailt, ar bhonn na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023, i gcomhréir leis na forálacha dlíthiúla atá ann faoi láthair. An 19 Meitheamh 2024 ghlac an Coimisiún tuarascáil faoi Airteagal 126(3) de CFAE[16]. Sa tuarascáil sin, rinneadh measúnú ar staid bhuiséadach na hIodáile, toisc go raibh a heasnamh rialtais ghinearálta in 2023 níos mó ná an luach tagartha de 3 % de OTI. Thángthas ar an gconclúid sa tuarascáil, i bhfianaise an mheasúnaithe sin, agus tar éis an tuairim ón gCoiste Eacnamaíoch agus Airgeadais arna bhunú faoi Airteagal 126(4) CFAE a mheas, go bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún a mholadh i mí Iúil go gcuirfí tús le nós imeachta um easnamh iomarcach, trína mholadh don Chomhairle Cinneadh a ghlacadh faoi Airteagal 126(6) lena suítear gurb ann d'easnamh iomarcach don Iodáil.

(12) An 12 Iúil 2022, mhol an Chomhairle[17] go ndéanfadh an Iodáil beartas fioscach stuama a áirithiú in 2023, go háirithe trí theorainn a chur leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomha a mhaoinítear go náisiúnta faoi bhun an fháis aschuir fhéideartha mheántéarmaigh[18], agus tacaíocht leanúnach shealadach spriocdhírithe á cur san áireamh le haghaidh na dteaghlach agus na ngnólachtaí is leochailí i dtaobh méaduithe ar phraghsanna fuinnimh agus le haghaidh daoine atá ag teitheadh ón Úcráin. Ag an am céanna, moladh don Iodáil bheith réidh chun an caiteachas reatha a chur in oiriúint don staid atá ag síorathrú. Moladh don Iodáil freisin infheistíocht phoiblí a leathnú le haghaidh an aistrithe ghlais agus an aistrithe dhigitigh, agus le haghaidh na slándála fuinnimh, agus an tionscnamh REPowerEU á chur san áireamh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí leas a bhaint as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus as cistí eile de chuid an Aontais. In 2023, de réir mheastacháin an Choimisiúin, bhí an staid fhioscach[19] beagáinín forleathnaitheach, faoi 0,3 % de OTI, i gcomhthéacs an bhoilscithe aird. Leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil arna mhaoiniú go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim) in 2023, soláthraíodh rannchuidiú crapthach 1,0 % de OTI leis an staid fhioscach agus bhí sé i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Bhí an rannchuidiú crapthach de phríomhchaiteachas reatha a mhaoinítear go náisiúnta mar thoradh ar costais níos ísle na mbeart tacaíochta éigeandála (spriocdhírithe agus neamhdhírithe) do theaghlaigh agus gnólachtaí mar fhreagairt ar arduithe ar phraghsanna fuinnimh (le 1,4 phointe céatadáin de OTI). Ba iad pinsin agus ciorruithe ar an ding chánach saothair na príomhchúiseanna leis an bhfás ar chaiteachas reatha príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta (glan ar bhearta lánroghnacha ioncaim). Is éard a bhí i gceist le caiteachas arna mhaoiniú ag deontais

16 Tuarascáil ón gCoimisiún arna hullmhú i gcomhréir le hAirteagal 126(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, 19.6.2024, COM(2024) 598 final.

17 Moladh ón gComhairle an 12 Iúil 2022 maidir le Clár Náisiúnta na hIodáile um Athchóiriú 2022 agus lena dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hIodáile 2022, IO C 334, 1.9.2022, lch. 96.

18 Ar bhonn Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 5,9 % i dtéarmaí ainmniúla a bhí san fhás aschuir féideartha meántéarmach san Iodáil in 2023, bunaithe ar an meánráta fáis ionchasach iarbhír 10 mbliana agus ar dhíbhoilsceoir OTI 2023.

19 Sainmhínítear an staid fhioscach mar thomhas ar an athrú bliantúil ar riocht buiséadach foluiteach an rialtais ghinearálta. Is é is aidhm dó measúnú a dhéanamh ar an spreagadh eacnamaíoch a eascraíonn as beartais fhioscacha, idir na cinn sin a mhaoinítear go náisiúnta agus na cinn a mhaoinítear le buiséad an Aontais. Déantar an staid fhioscach a thomhas mar an difríocht idir (i) an fás féideartha meántéarmach agus (ii) an t-athrú ar chaiteachas príomhúil glan ar bhearta ioncaim lánroghnacha (agus gan bearta sealadacha éigeandála a bhaineann le géarchéim COVID-19 a áireamh) agus lena n-áirítear caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile an Aontais.

ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta 0,8 % de OTI in 2023. Is éard a bhí i gceist leis an infheistíocht arna maoiniú go náisiúnta 2,9 % de OTI in 2023, is é sin méadú 0,3 pointe céatadáin i gcomparáid le 2022. Mhaoinigh an Iodáil infheistíocht bhreise tríd an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus trí chistí eile de chuid an Aontais. Rinne sí infheistíocht phoiblí a mhaoiniú le haghaidh na n-aistrithe glasa agus digiteacha, agus le haghaidh slándáil fuinnimh, amhail eangacha cliste a neartú, Nasc Thoirian a thógáil, mearchórais olliompair a fhorbairt, hidrigin a thairgeadh ar láithreáin athfhorbraíochta, naisc thapa idirlín agus an riarachán poiblí a dhigitiú, rudaí a chistítear go páirteach leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais.

(13) Is féidir achoimre a dhéanamh ar na príomh-mheastacháin i gClár Cobhsaíochta 2024 mar seo a leanas. Sa chás maicreacnamaíoch atá mar bhonn taca leis na réamh-mheastacháin bhuiséadacha, tuartar go bhfásfaidh an fíor-OTI 1,0 % in 2024 agus 1,2 % in 2025, agus tuartar gurb éard a bheidh i mboilsciú ICPT 1,2 % in 2024 agus 1,8 % in 2025. Meastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta, faoi chás na reachtaíochta gan athrú, go 4,3 % de OTI in 2024 agus go 3,7 % de OTI in 2025, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú 0,5 pointe céatadáin go 137,8 % faoi dheireadh 2024 agus, ina dhiaidh sin, go 138,9 % faoi dheireadh 2025. Tar éis 2025, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú ar an easnamh rialtais ghinearálta go 3,0 % de OTI in 2026, agus go 2,2 % in 2027. Dá bhrí sin, meastar go bhfanfaidh an t-easnamh rialtais ghinearálta faoi bhun 3 % de luach tagartha an easnaimh OTI ó 2026 ar aghaidh. Dá bhrí sin réamh-mheastar go dtiocfaidh méadú breise, tar éis 2025, ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI go 139,8 % de OTI in 2026 agus go dtiocfaidh laghdú beag air go 139,6 % in 2027.

(14) Tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún go méadóidh an fíor-OTI faoi 0,9 % in 2024 agus 1,1 % in 2025, agus go seasfaidh boilsciú ICPT ag 1,6 % in 2024 agus 1,9 % in 2025.

(15) Tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais de 4,4 % de OTI le haghaidh 2024, agus tá an cóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI le méadú go 138,6 % faoi dheireadh 2024. An laghdú réamh-mheasta ar an easnamh in 2024, léirítear leis céimniú amach iomlán na mbeart tacaíochta fuinnimh agus costas buiséadach i bhfad níos ísle na gcreidmheasanna cánach le haghaidh athchóiriú tithíochta (¼ % de OTI ó thart ar 3½ % in 2023), agus an méid sin mar thoradh ar athruithe sa reachtaíocht as ar eascair aicmiú staidrimh creidmheasanna cánach nua mar chreidmheasanna ‘neamh-iníoctha’ freisin (aicmíodh creidmheasanna cánach roimh sin mar chreidmheasanna ‘iníoctha’). Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2024 an méadú mór ar an coigeartú sreabhaidh i leith stoic mar gheall ar an tionchar moillithe a bhí ag creidmheasanna cánach 2021-2023 maidir le hathchóiriú tithíochta ar an sreabhadh airgid. Ar bhonn mheastacháin an Choimisiúin, réamh-mheastar go mbeidh an staid fhioscach crapthach den chuid is mó ag 3,1 % de OTI in 2024.

(16) Meastar go maoineofar caiteachas arb ionann é agus 0,6 % de OTI le tacaíocht neamh-inaisíoctha (‘deontais’) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, i gcomparáid le 0,8 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún. Le caiteachas a mhaoinítear le deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, beifear in ann infheistíocht ardcháilíochta agus athchóirithe a dhéanamh lena gcuirfear leis an táirgiúlacht gan tionchar díreach a bheith aige ar chomhardú rialtais ghinearálta agus fiacha na hIodáile. Meastar, le hiasachtaí ón

tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta in 2024, go dtacaítear le caiteachas arb ionann é agus 1,3 % de OTI, i gcomparáid le 0,3 % de OTI in 2023, de réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún.

(17) An 14 Iúil 2023 mhol an Chomhairle[20] don Iodáil beartas fioscach stuama a áirithiú, go háirithe tríd an méadú ainmniúil ar an nglanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[21] in 2024 a theorannú go méid nach mó ná 1,3 %. Agus a mbuiséid le haghaidh 2023 á gcur i bhfeidhm acu agus a nDréachtphleananna Buiséadacha le haghaidh 2024 á n-ullmhú acu, iarradh ar na Ballstáit a chur san áireamh go molfadh an Coimisiún don Chomhairle tús a chur le nósanna imeachta um easnamh iomarcach atá bunaithe ar easnaimh bunaithe ar na sonraí olltoraidh le haghaidh 2023. De réir Réamhaisnéis an Earraigh 2024 ón gCoimisiún, réamh-mheastar go dtiocfaidh laghdú 2,8 % ar ghlanchaiteachas príomhúil na hIodáile a mhaoinítear go náisiúnta in 2024[22], figiúr atá faoi bhun an uasráta fáis a mholtar. An caiteachas níos ísle sin i ndáil leis an ráta uasta fáis a moladh sa ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta, comhfhreagraíonn sé do 2,0 % de OTI in 2024. Mar sin féin, bhí glanchaiteachas in 2023 níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis tráth an mholta (faoi 2,9 % de OTI). Dá bhrí sin, ó rud é gur ceapadh an moladh le haghaidh 2024 mar ráta fáis, cuirtear an bhunéifeacht ó 2023 san áireamh sa mheasúnú ar chomhlíonadh freisin. I gcás ina raibh an glanchaiteachas in 2023 mar a bhí coinne leis tráth an mholta, bheadh ráta fáis an ghlanchaiteachais in 2024 os cionn an ráta fáis a mholtar, faoi 0,9 % de OTI. Dá bhrí sin, meastar go bhfuil baol ann nach bhfuil an glanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta go hiomlán i gcomhréir leis an moladh.

(18) Thairis sin, mhol an Chomhairle don Iodáil gníomhaíocht a dhéanamh chun na bearta tacaíochta fuinnimh éigeandála atá i bhfeidhm a fhoirceannadh, agus úsáid á baint as an gcoigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, a luaithe is féidir in 2023 agus 2024. Shonraigh an Chomhairle thairis sin, dá mbeadh gá le bearta tacaíochta nua nó leantacha chun dul i ngleic le méaduithe a thiocfadh an athuair ar phraghsanna fuinnimh, gur cheart don Iodáil a áirithiú go spriocdhírítear na bearta tacaíochta sin ar theaghlaigh leochaileacha agus ar ghnólachtaí leochaileacha a chosaint, go mbeidís inacmhainne go fioscach, agus go gcaomhnófaí leo dreasachtaí le haghaidh coigilteas fuinnimh. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, meastar gurb é 1,0 %

---

20 Moladh ón gComhairle an 14 Iúil 2023 maidir le Clár Náisiúnta na hIodáile um Athchóiriú 2023 agus ina dtugtar tuairim ón gComhairle maidir le Clár Cobhsaíochta na hIodáile 2023, IO C 312, 1.9.2023, lch. 105.

21 Sainmhínítear glanchaiteachas príomhúil mar chaiteachas a mhaoinítear go náisiúnta agus atá glan ar (i) bhearta lánroghnacha ioncaim, (ii) caiteachas úis, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta, agus (iv) bearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.

22 Cuirtear san áireamh leis sin 0,04 % de bhearta aonuaire OTI in 2024, bearta a bhaineann le cánacha siarchoinneálacha éagsúla agus ioncaim a bhaineann le cáiníocóirí a thug a staid chánach roimhe sin chun rialtachta go deonach (‘*tregua fiscale*’mar a thugtar air) le smachtbhannaí agus fíneálacha laghdaithe a cúitíodh le hidirghabhálacha a bhain leis na tuilte a bhuail an Iodáil i mí na Bealtaine 2023 (chomh maith le 0,3 % de OTI in 2023, a bhaineann le cánacha siarchoinneálacha éagsúla agus ioncaim a bhaineann le cáiníocóirí a thug a staid chánach roimhe sin chun rialtachta go deonach (‘*tregua fiscale*’ mar a thugtar air) le smachtbhannaí agus fíneálacha laghdaithe nach gcúitítear ach go páirteach le hidirghabhálacha a bhain leis na tuilte a bhuail an Iodáil i mí na Bealtaine 2023). An 14 Iúil 2023 thagair an Chomhairle freisin do na tuilte tubaisteacha a bhuail an Iodáil i mí na Bealtaine 2023 agus d’aontaigh sí go gcuirfí costas na tacaíochta éigeandála dírí a bhain leis na tuilte sin san áireamh i measúnuithe ar chomhlíonadh ina dhiaidh sin agus go measfaí, i bprionsabal, gur bearta aonuaire agus sealadacha a bhí ann.

de OTI a bhí i nglanchostas buiséadach[23] na mbeart tacaíochta fuinnimh in 2023, agus réamh-mheastar gurb é 0,0 % a bheidh ann in 2024. Dá n-úsáidfí an coigilteas gaolmhar chun an t-easnamh rialtais a laghdú, mar a mhol an Chomhairle, thuigfí as na réamh-mheastacháin sin go mbeidh coigeartú fioscach 1,0 % de OTI ann in 2024, ach soláthraítear ranníocaíocht chrapthach 2,7 % de OTI leis an staid fhioscach sa bhliain sin ó ghlanchaiteachas príomhúil a mhaoinítear go náisiúnta[24]. Is é an ranníocaíocht chrapthach ó chaiteachas caipitiúil eile 3,2 % de OTI is cúis leis sin, ranníocaíocht a bhaineann den chuid is mó leis an laghdú géar thuasluaite ar fhóirdheontais a bhaineann le creidmheasanna cánach le haghaidh athchóiriú tithíochta in 2024. An tráth céanna, maidir le ranníocaíocht an ghlanchaiteachais phríomhúil reatha a mhaoinítear go náisiúnta leis an staid fhioscach, rud a dhéantar difear dó le deireadh de réir a chéile a chur leis na bearta tacaíochta fuinnimh, meastar go mbeidh sé ina ranníocaíocht fhorleathnaitheach faoi 0,4 % de OTI, rud a léiríonn úsáid iomlán an choigiltis 0.8 % de OTI ó na bearta tacaíochta fuinnimh reatha sin le haghaidh beartas lena méadaítear an glanchaiteachas reatha in 2024, agus laghduithe ar an ding cánach san áireamh. Meastar go ndéanfar na bearta tacaíochta éigeandála fuinnimh a fhoirceannadh a luaithe is féidir in 2023 agus in 2024. Tá sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle. Mar sin féin, ní mheastar go n-úsáidfear an coigilteas gaolmhar go hiomlán chun an t-easnamh rialtais a laghdú. Tá an baol ann nach bhfuil sé sin i gcomhréir leis an méid a mhol an Chomhairle.

(19) Ina theannta sin, mhol an Chomhairle freisin don Iodáil infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta a chaomhnú agus a áirithiú go n-ionsúfar deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais go héifeachtach, go háirithe chun an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach a chothú. De réir Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún, maidir le hinfheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta, réamh-mheastar gur 2,8 % de OTI a bheidh inti in 2024, ó 2,9 % de OTI in 2023[25]. Tá an baol ann nach mbeidh sé sin i gcomhréir leis an moladh ón gComhairle. Dá réir sin, maidir le caiteachas poiblí a mhaoinítear le hioncam ó chistí an Aontais, lena n-áirítear deontais ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, meastar go laghdóidh sé go 0,8 % de OTI in 2024 (ó 1,2 % de OTI in 2023), go háirithe i ndáil le ReactEU.

(20) Bunaithe ar bhearta beartais atá aitheanta ag scoithdháta na réamhaisnéise agus ar an mbonn nach mbeidh aon athrú beartais ann, tuartar i Réamhaisnéis Earraigh 2024 ón gCoimisiún easnamh rialtais 4,7 % de OTI in 2025. Léiríonn an méadú ar an easnamh in 2025 den chuid is mó an fadú a bhfuil coinne leis ar chiorruithe ar an ding chánach saothair agus méadú breise ar chaiteachas úis. Meastar go dtiocfaidh méadú breise go 141,7 % ar an gcóimheas fiachais rialtais ghinearálta–OTI faoi dheireadh 2025. Léiríonn an méadú ar an gcóimheas fiachais-OTI in 2025 an difreálach fáis úis ar lú a

---

23 Léiríonn an figiúr leibhéal chostas buiséadach bliantúil na mbeart sin, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas agus, i gcás inarb infheidhme, glan ar an ioncam ó chánacha ar bhrabúis amhantair soláthróirí fuinnimh.

24 Déantar an ranníocaíocht sin a thomhas mar an t-athrú ar chaiteachas príomhúil an rialtais ghinearálta, glan ar (i) tionchar buiséadach incriminteach na mbeart lánroghnach ioncaim, (ii) caiteachais aonuaire, (iii) caiteachas timthriallach dífhostaíochta agus (iv) caiteachas arna mhaoiniú le tacaíocht neamh-inaisíoctha (deontais) ón tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus ó chistí eile de chuid an Aontais, i gcoibhneas leis an meánráta fáis fhéideartha ar OTI ainmniúil sa mheántéarma (10 mbliana), arna shloinneadh mar chóimheas le OTI ainmniúil.

25 Agus slánú á dhéanamh ag an gcéad deachúil, is é 0.0 an difríocht san infheistíocht phoiblí a mhaoinítear go náisiúnta idir 2024 agus 2023.

fhabhar agus an coigeartú sreabhaidh i leith stoic lena méadaítear fiacha, coigeartú a bhaineann leis an tionchar moillithe a bhí ag athchóiriú tithíochta lena dtacaíonn an rialtas ar airgead.

(21) Tá ioncam cánach na hIodáile i ndáil le OTI réasúnta ard i gcomparáid le piar-Bhallstáit, agus is ó chánachas saothair a thagann an príomh-rannchuidiú. Tar éis don pharlaimint dlí cumasúcháin a fhormheas lena bhforáiltear do shainordú leathan chun an córas cánach a athchóiriú, ghlac an rialtas roinnt foraitheanta cur chun feidhme. Mar sin féin, ní thugann na bearta a glacadh go dtí seo aghaidh ar phríomhdhúshláin an chórais chánachais, agus tá raon feidhme na gciorruithe ar an ding chánach saothair, nár ritheadh ach go dtí 2024 agus a mhaoinítear trí fhorálacha sealadacha, teoranta go leor. Ina theannta sin, le leathnú na gcóras cánach ar ráta comhréidh, lena n-áirítear do dhaoine féinfhostaithe, déantar cothroime chothrománach agus éifeachtúlacht an chórais cánach níos measa trí athdháileadh a laghdú, tús áite a thabhairt do chatagóirí sonracha cáiníocóirí agus fás gnó a dhídhreasú. Ina theannta sin, cé go bhfuil roinnt beart tábhachtach maidir le riarachán cánach agus simpliú cánach á gcur chun feidhme mar chuid den phlean téarnaimh agus athléimneachta, amhail dearbhuithe CBL réamhlíonta, tá an baol ann go mbeidh éifeachtaí díobhálacha ag bearta eile a rinneadh le déanaí ar chomhlíonadh cánach. Áirítear orthu sin an téarma 5 bliana chun billí cánach a bhailiú, laghdú ar smachtbhannaí a bhaineann le himghabháil cánacha agus ranníocaíochtaí slándála sóisialta, agus athnuachan beart atá cosúil le pardún cánach. Is gá dlúthfhaireachán a dhéanamh freisin ar an éifeacht ar chomhlíonadh cánach atá ag an gcóras réamh-chomhaontaithe idir an cáiníocóir agus an riarachán maidir le dliteanais chánach do ghnólachtaí beaga. Ar an iomlán, chun athchóiriú níos struchtúraí agus níos fabhraí don fhás a dhéanamh ar an gcóras cánach, bheadh gá le haistriú atá neodrach ó thaobh an bhuiséid de ar an ualach cánach ó thosca táirgiúla go foinsí eile nach mbeadh chomh díobhálach céanna don fhás. I ndáil leis sin, níl aon mhionsonraí ar eolas go fóill maidir leis an gcuíchóiriú atá beartaithe ar cháin bhreisluacha, agus níor áiríodh an nuashonrú ar luachanna cadastracha, atá as dáta den chuid is mó agus éagsúil ó luachanna margaidh, sa dlí cumasúcháin don athchóiriú cánach. Ina theannta sin, feictear caillteanais shuntasacha ioncaim i ndáil le lamháltais phoiblí, lena n-áirítear tránna. Thairis sin, in ainneoin ioncam réasúnta ard ó chánacha comhshaoil, d'fhéadfadh córas cánach na hIodáile tacú níos fearr leis an aistriú glas, go háirithe trí chánachas a ailíniú leis an leibhéal astaíochtaí CO_2 ó fhoinsí fuinnimh agus ó fheithiclí, lena n-áirítear maidir le carranna cuideachta.

(22) I gcomhréir le hAirteagal 19(3), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/241 agus le critéar 2.2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis, áirítear sa phlean téarnaimh agus athléimneachta tacar fairsing athchóirithe agus infheistíochtaí a threisíonn a chéile agus atá le cur chun feidhme faoi 2026. Meastar go gcuideoidh na nithe sin ó thaobh aghaidh a thabhairt ar na dúshláin uile a sainaithníodh sna moltaí tírshonracha ábhartha, nó ar sciar suntasach de na dúshláin sin. Laistigh den tréimhse dhocht sin, tá sé ríthábhachtach dul ar aghaidh go pras le cur chun feidhme éifeachtach an phlean, lena n-áirítear Caibidil REPowerEU, chun borradh a chur faoi iomaíochas fadtéarmach na hIodáile tríd an aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus cothroime shóisialta a áirithiú san am céanna. Chun gealltanais an phlean a chomhlíonadh faoi mhí Lúnasa 2026, tá sé ríthábhachtach don Iodáil leanúint d'athchóirithe a chur chun feidhme agus dlús a chur le hinfheistíochtaí trí aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna atá ag teacht chun cinn agus cumas láidir riaracháin á chinntiú san am céanna. Tá infheistíochtaí, ach go háirithe, an-chomhchruinnithe i dtreo dheireadh na tréimhse chun an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur i bhfeidhm agus is fiú aird ar leith a thabhairt orthu. Tá rannpháirtíocht chórasach na n-údarás áitiúil agus réigiúnach, na gcomhpháirtithe

sóisialta, na sochaí sibhialta agus na bpáirtithe leasmhara ábhartha eile ríthábhachtach i gcónaí i ndáil le húinéireacht leathan a áirithiú maidir le cur chun feidhme rathúil an phlean téarnaimh agus athléimneachta.

(23) Mar chuid den athbhreithniú meántéarma ar chistí an bheartais chomhtháthaithe, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán 2021/1060, tá sé de cheanglas ar an Iodáil gach clár a athbhreithniú faoi mhí an Mhárta 2025, agus na dúshláin a sainaithníodh i moltaí tírshonracha 2024, le cois nithe eile, á gcur san áireamh aici, mar aon lena plean náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Is é an t-athbhreithniú sin is bunús le leithdháileadh críochnaitheach an chistithe ón Aontas atá san áireamh i ngach clár. Cé go bhfuil dul chun cinn déanta ag an Iodáil maidir leis an mbeartas comhtháthaithe agus Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a chur chun feidhme, tá dúshláin fós ann agus tá éagothromaíochtaí réigiúnacha fós ann idir lár an tuaiscirt agus an deisceart. Tá sé ríthábhachtach dlús a chur le cur chun feidhme chláir an bheartais chomhtháthaithe, mar aon le hacmhainneacht riaracháin a neartú, ar an leibhéal náisiúnta agus go háirithe ar an leibhéal fonáisiúnta. Tá na tosaíochtaí a chomhaontaíodh sna cláir fós ábhartha. Anuas ar bhearta maidir le hacmhainneacht riaracháin, tá sé an-tábhachtach go gcuirfear infheistíochtaí chun feidhme go tapa sa taighde, sa nuálaíocht agus san iomaíochas, go háirithe sna réigiúin bheagfhorbartha, in éineacht le pleananna forbartha bonneagair agus straitéisí réigiúnacha um speisialtóireacht chliste. Ba cheart don Iodáil leanúint de cháilíocht na seirbhísí poiblí fíor-riachtanacha sa deisceart a ardú, go háirithe seirbhísí uisce agus dramhaíola, lena n-áirítear trí oibreoirí aonair a chur chun cinn ar an leibhéal réigiúnach. Tá sé tábhachtach i gcónaí uas-sciliú agus athsciliú a chur chun cinn, lena n-áirítear don aistriú glas, trí ghnóthachtáil san oideachas treasach agus sciar na ndaoine fásta atá cláraithe in oiliúint a mhéadú. Is tosaíocht i gcónaí é líon na ndaoine óga nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna a laghdú tríd an gcóras oideachais a fheabhsú agus trí dhíriú níos fearr ar bheartais ghníomhacha maidir leis an margadh saothair, go háirithe sa deisceart. Ina theannta sin, is gá leanúint de thacaíocht a thabhairt d'fhostaíocht na mban tríd an soláthar luathchúraim leanaí atá inacmhainne agus ar ardchaighdeán a mhéadú. D'fhéadfadh an Iodáil úsáid a bhaint freisin as an tionscnamh maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip chun tacú le claochlú na n-eiceachóras tionsclaíoch, go háirithe sa deisceart. D'fhéadfadh beartais thionsclaíocha chomhtháite a bheith i gceist le hidirghabháil éifeachtach lena dtacaítear le forbairt agus cur i bhfeidhm teicneolaíochtaí straitéiseacha, go háirithe i réimsí na nuálaíochta digití, an fhuinnimh ghlain agus na héifeachtúlachta acmhainní, go háirithe sna hearnálacha a bhfuil láithreacht láidir acu cheana féin sa deisceart, amhail tionscail na ngluaisteán agus na haerloingseoireachta. D'fhéadfadh an plean straitéiseach don Chrios Eacnamaíoch Speisialta aonair nua don Deisceart a bheith ina chreat comhleanúnach chun borradh a chur faoi nuálaíocht agus táirgiúlacht ghnó trí dhíriú ar thionscadail chriticiúla agus trí chomhtháthú ar fud slabhraí luacha a neartú.

(24) Chomh maith leis na dúshláin eacnamaíocha agus shóisialta a dtugtar aghaidh orthu leis an bplean téarnaimh agus athléimneachta agus le cistí eile ón Aontas, tá an Iodáil i ngleic le roinnt dúshlán a bhaineann le cánachas, déimeagrafaíocht, lena n-áirítear na himpleachtaí a bhaineann leis d'inbhuanaitheacht an airgeadais phoiblí, don straitéis thionsclaíoch agus don bheartas iomaíochta.

(25) Tá an Iodáil ar cheann de na Ballstáit ina bhfuil an daonra is sine, an ráta breithe is ísle agus aois níos airde ná an meán ag mná a shaolaíonn a gcéad leanbh. Tá an chothromaíocht imirce dearfach i gcónaí, ach ní dhéantar an ráta breithe íseal a fhritháireamh a thuilleadh. Mar thoradh air sin, tá an daonra in aois oibre fós ag

laghdú, rud a chuireann teorainn leis an bhfás a d'fhéadfadh a bheith ann. Meastar go dtiocfaidh méadú ar chaiteachas pinsin mar sciar de OTI suas go dtí 2040 mar gheall ar fhorbairtí déimeagrafacha neamhfhabhracha, ar cás é a bheidh níos measa fós mar gheall ar scéimeanna luathscoir a tugadh isteach le blianta beaga anuas. Meastar go dtiocfaidh laghdú de réir a chéile ar chaiteachas pinsin san fhadtéarma, a bhuí freisin le hathchóiriú 2011 ar phinsin ar choinníoll go gcuirfear chun feidhme ina iomláine é, lena n-áirítear trí scéimeanna luathscoir a theorannú. Le margadh saothair níos láidre agus níos cuimsithí do mhná agus do dhaoine óga, mar aon le cáilíocht poist níos airde, lena n-áirítear i dtéarmaí leibhéil níos ísle bochtaineachta lucht oibre agus rochtain níos fearr ar chosaint shóisialta d'oibrithe neamhchaighdeánacha, is féidir cuidiú leis an dúshlán déimeagrafach a mhaolú. Chuige sin, d'fhéadfadh ról tábhachtach a bheith ag beartais a bhaineann leis an teaghlach, lena n-áirítear bearta chun cothromaíocht oibre is saoil, comhionannas deiseanna agus seirbhísí cúraim inrochtana agus ar ardchaighdeán a chur chun cinn. Ina theannta sin, d'fhéadfaí leas a bhaint as an imirce freisin chun cur i gcoinne an mheatha dhéimeagrafaigh, go háirithe sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Leis na bearta a rinneadh in 2024, méadaítear an líon náisiúnach tríú tír a ligtear isteach san Iodáil agus simplítear aitheantas teideal oideachais eachtrach, ach tá straitéis chuimsitheach chun oibrithe agus mic léinn ardoilte a mhealladh agus a choinneáil ríthábhachtach i gcónaí chun imirce daoine oilte a chomhrac agus chun gníomhú in aghaidh treochtaí déimeagrafacha. Sa chomhthéacs sin, leis na bearta uile sin, thacófaí freisin leis an gcóineasú sóisialta aníos, i gcomhréir le hanailís tíre dara chéime de chuid sheirbhísí an Choimisiúin, bunaithe ar ghnéithe an Chreata um Chóineasú Sóisialta[26].

(26) Chuir geilleagar an deiscirt leis an téarnamh iar-COVID. Mar sin féin, gníomhaíochtaí eacnamaíocha a bhfuil breisluach níos ísle ag baint leo ná mar atá i réigiúin an láir-thuaidh, is saintréithe iad i réigiúin an deiscirt. Ina theannta sin, meastar go ndéanfaidh iarrachtaí dícharbónaithe difear d'onnmhairí an deiscirt go háirithe. Tá roinnt beart beartais ag tacú le gníomhaíochtaí eacnamaíocha sa deisceart, go háirithe dreasachtaí cánach. In 2023, chruthaigh an Iodáil Limistéar Eacnamaíoch Speisialta aonair don deisceart, lenar aistríodh an fhreagracht as na criosanna roimhe sin faoi chomhlacht aonair laistigh d'Uachtaránacht Chomhairle na nAirí. Tá an plean straitéiseach don limistéar seo fós le formheas. Leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus le cistí eile de chuid an Aontais, rannchuidítear le hinfheistíochtaí agus athchóirithe i réigiúin an deiscirt. Tá gá le straitéis thionsclaíoch agus forbartha don deisceart chun go ndíreofar na bearta beartais atá ann cheana sa áit cheart agus chun feabhas a chur ar bhreisluach infheistíochtaí an Aontais agus infheistíochtaí náisiúnta. I ndáil leis sin, tá acmhainneacht shuntasach ag an deisceart i roinnt earnálacha, amhail lóistíocht sa Mheánmhuir agus slabhraí luacha fuinnimh in-athnuaite. Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach naisc idir an eolaíocht agus an gnó a neartú chun réitigh phraiticiúla a dhéanamh d'eolas eolaíoch chun an t-athbheochan tionsclaíoch a bhaint amach agus chun an deisceart a shuí i slabhraí luacha domhanda. Chuige sin, beidh sé ríthábhachtach ról na n-oifigí aistrithe teicneolaíochta a institiúidiú tuilleadh, go háirithe ó dheas, mar shampla trí chumas riaracháin a neartú. Is gné ábhartha é sainaithint agus roghnú na n-earnálacha straitéiseacha sin i straitéis forbartha chun iomaíochas réigiúin an deiscirt a mhéadú, agus tá tionchar dearfach aige sin ar an leibhéal náisiúnta. Trí dhíriú ar bhearta beartais atá ann cheana agus infheistíocht

[26] SWD(2024)132 final.

phleanáilte a dhíriú ar na hearnálacha sin, is féidir a dtionchar eacnamaíoch a mhéadú a thuilleadh.

(27) D'éascódh feabhsuithe ar an timpeallacht ghnó an fhiontraíocht, agus bheadh dálaí creata níos fearr don iomaíocht fabhrach do leithdháileadh níos éifeachtúla acmhainní agus bheadh iomaíochas agus gnóthachain táirgiúlachta mar thoradh orthu. Rachadh breis iomaíochta agus rialáil earnála feabhsaithe chun tairbhe do thomhaltóirí freisin agus chuirfí feabhas ar airgeadas rialtais, rud a chuideodh le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí na hIodáile maidir le fiachas ard rialtais agus méadú lag táirgiúlachta mar a luaitear in aithris (10). Ní mór dlí iomaíochta bliantúil 2022, a glacadh i mí na Nollag 2023, a chur chun feidhme i gceart. I gcomhréir le reachtaíocht na hIodáile, beartaítear le plean téarnaimh agus athléimneachta na hIodáile dlí iomaíochta a ghlacadh ar bhonn bliantúil. Mar sin féin, ní shonraítear ann gach earnáil atá le cumhdach leis na dlíthe iomaíochta bliantúla. Tá údar ar leith le tionscnamh reachtach le haghaidh trádáil mhiondíola, go háirithe maidir leis an rialachán maidir le siopaí a oscailt agus tionscnaimh díolacháin a reáchtáil, le haghaidh gairmeacha rialáilte, go háirithe chun na coinníollacha maidir le rochtain a fháil orthu a éascú, agus le haghaidh iarnród, i gcás inar gá dámhachtain conarthaí le haghaidh seirbhísí iompair réigiúnacha agus idirchathracha a bheith iomaíoch. Thairis sin, de réir údarás iomaíochta na hIodáile, tá bacainní suntasacha ar an iomaíocht fós ann i roinnt earnálacha eile, amhail seirbhísí poist, cógaisíocht, comhlachais tráchtála agus seirbhísí feithiclí fruilithe phríobháidigh.

I bhfianaise na n-idirnasc dlúth idir geilleagair Bhallstáit an limistéir euro agus a rannchuidiú comhchoitinn le feidhmiú an Aontais Eacnamaíoch agus Airgeadais, in 2024 mhol an Chomhairle go ngníomhódh Ballstáit an limistéir euro, trína bpleananna téarnaimh agus athléimneachta, i measc bealaí eile, chun an moladh maidir le beartas eacnamaíoch an limistéir euro a chur chun feidhme. I gcás na hIodáile, cuidíonn moltaí (1), (2). (3) agus (4) le cur chun feidhme an chéad mholta, an dara moladh, an tríú moladh agus an cheathrú moladh maidir leis an limistéar euro.

(28) I bhfianaise ghrinn-athbhreithniú an Choimisiúin agus a chonclúide maidir le míchothromaíochtaí a bheith ann, léirítear moltaí faoi Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1176/2011 i moltaí (1), (2) (3) agus (4) thíos. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moladh (1) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le hardfhiachas rialtais. Cuidíonn beartais dá dtagraítear i moltaí (2), (3) agus (4) le haghaidh a thabhairt ar leochaileachtaí a bhaineann le méadú lag táirgiúlachta, rud a thacaíonn le fás ionchasach OTI dá réir sin, agus mar thoradh air sin, cuidíonn siad freisin le haghaidh a thabhairt ar mholadh (1). Cuidíonn moltaí (1), (2) (3) agus (4) le haghaidh a thabhairt ar mhíchothromaíochtaí agus chun an moladh a chur chun feidhme le haghaidh an limistéir euro, i gcomhréir le haithris 27.

AG MOLADH LEIS SEO go ngníomhódh an Iodáil in 2024 agus 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. An plean struchtúrach fioscach meántéarmach a chur isteach go tráthúil. I gcomhréir le riachtanais an Chomhshocraithe Cobhsaíochta agus Fáis athchóirithe, srian a chur ar an bhfás i nglanchaiteachas[27] in 2025 go ráta atá comhsheasmhach leis an

[27] De réir Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) 2024/1263, ciallaíonn 'glanchaiteachas' caiteachas rialtais atá glan ar chaiteachas úis, ar bhearta lánroghnacha ioncaim, ar chaiteachas ar chláir an Aontais arna meaitseáil go hiomlán le hioncam ó chistí an Aontais, ar chaiteachas náisiúnta ar chómhaoiniú clár

bhfiachas rialtais ghinearálta a chur ar chonair íslitheach shochreidte sa mheántéarma agus le heasnamh an rialtais ghinearálta a laghdú i dtreo 3 % de luach tagartha an Chonartha maidir le OTI. An córas cánach a dhéanamh níos tacúla don fhás, agus béim á leagan ar an ding chánach ar shaothar a laghdú agus i gcomhréir le cuspóirí na hinbhuanaitheachta fioscaí, lena n-áirítear trí chaiteachas cánach a laghdú agus luachanna cadastracha a thabhairt cothrom le dáta, agus cothroime agus dul chun cinn agus tacaíocht don aistriú glas á n-áirithiú ag an am céanna.

2. Acmhainneacht riaracháin a neartú chun cistí an Aontais a bhainistiú, dlús a chur le hinfheistíochtaí agus móiminteam a choinneáil i gcur chun feidhme na n-athchóirithe. Aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna atá ag teacht chun cinn chun gur féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a chur chun feidhme ar bhealach leanúnach pras éifeachtach, lena n-áirítear caibidil REPowerEU, rud lena n-áiritheofar go dtabharfar athchóirithe agus infheistíochtaí chun críche faoi mhí Lúnasa 2026. Dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe. I gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, leanúint de bheith ag díriú ar na tosaíochtaí a comhaontaíodh, agus na deiseanna a chuireann an tionscnamh maidir leis an Ardán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip ar fáil chun feabhas a chur ar an iomaíochas a chur san áireamh san am céanna.

3. Chun na héifeachtaí ar fhás ionchasach a mhaolú, dul i ngleic le treochtaí diúltacha déimeagrafacha lena n-áirítear trí oibrithe ardoilte a mhealladh agus a choinneáil agus trí aghaidh a thabhairt ar dhúshláin i margadh an tsaothair, go háirithe maidir le mná, daoine óga agus bochtaineacht lucht oibre, go háirithe i gcás oibrithe a bhfuil conarthaí neamhchaighdeánacha acu.

4. Straitéis thionsclaíoch agus forbartha a shainiú chun an deighilt chríochach a laghdú trí na bearta beartais atá ann faoi láthair a chuíchóiriú agus trí phríomhthionscadail bhonneagair chomh maith le slabhraí luacha straitéiseacha a chur san áireamh. Aghaidh a thabhairt ar shrianta ar iomaíocht, go háirithe san earnáil mhiondíola, i ngairmeacha rialáilte agus in iarnróid.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán

arna gcistiú ag an Aontas, ar eilimintí timthriallacha den chaiteachas ar shochar dífhostaíochta, agus ar bhearta aonuaire agus bearta sealadacha eile.